2023/2709

5.12.2023

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2709 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Meán Fómhair 2023

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú le haghaidh Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/888, lena mbunaítear clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ('an Clár'), leagadh síos san Iarscríbhinn na táscairí chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chláir ó thaobh na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach.

(2) Cé go bhfuil na táscairí oiriúnach chun faireachán bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht, ní chumasaítear leo go leormhaith faireachán agus meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí an Chláir maidir lena chuspóirí a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart táscairí breise a leagan síos mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta.

(3) Ba cheart na táscairí sin a bheith oiriúnach chun aschur, torthaí agus tionchar an Chláir a thomhas, agus na ceanglais maidir le tuairisciú agus meastóireacht atá ann cheana agus a leagtar síos le hAirteagal 20 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/888 á gcur san áireamh.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 30(4) de Rialachán (AE) 2021/888, chuathas i gcomhairle leis na saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát agus ag na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Táscairí an chreata faireacháin agus meastóireachta agus ceanglais maidir le tuairisciú

Leis na táscairí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, forlíonfar na táscairí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/888 a mhéid a bhaineann le haschur, torthaí agus tionchair an Chláir.

Déanfar na táscairí a thomhas mar a leanas:

(a) go bliantúil, a mhéid a bhaineann leis na táscairí san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/888 agus a mhéid a bhaineann leis na táscairí i bpointí 1 agus 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) déanfar an táscaire tionchair dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a thomhas mar chuid de na meastóireachtaí eatramhacha agus deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/888.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 202, 8.6.2021, lch. 32.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táscairí breise maidir le creat faireacháin agus meastóireachta Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh 2021–2027 dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/888

Déanfar tomhais na dtáscairí cainníochtúla a imdhealú, i gcás inarb iomchuí, de réir tíre, cúlra gairmiúil, leibhéal oideachais, inscne, cineál gnímh agus gníomhaíochta.

1. **Táscaire aschuir**

1.1. Líon na ngníomhaithe áitiúla a chuireann an t-eolas i bhfeidhm, na prionsabail agus na cuir chuige a foghlaimíodh trí na gníomhaíochtaí daonnúla ina raibh an saorálaí agus na saineolaithe rannpháirteach.

2. **Táscairí toraidh**

2.1. Sciar na rannpháirtithe a mheasann gur chuir siad lena rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus sa tsochaí i gcoitinne;

2.2. Sciar na ngníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu dul i ngleic leis an aistriú digiteach mar dhúshlán sochaíoch;

2.3. Sciar na rannpháirtithe a mheasann go ndearna siad athrú dearfach sa phobal.

3. **Táscaire tionchair**

3.1. Rannchuidiú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus dhaonnúla i bpobail áitiúla.